Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

S75/15

Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta
Leabhráin Obair Chúrsa don Scrúdú i 2016

Chuig: ***ÚdaráisBhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal***

Mar is eol duit, tugadh an siollabas nua san Oideachas Reiligiúnach isteach ar bhonn céimnithe agus scrúdaíodh é den chéad uair i Scrúdú na hArdteistiméireachta i 2005.

Cuireann an siollabas in iúl go mbainfidh dhá ghné leis an measúnacht ar an Oideachas Reiligiúnach –

- Páipéar scríofa ceannchúrsa agus
- Obair chúrsa

Marcálfar an páipéar scríofa ceannchúrsa as 320 marc; marcálfar an obair chúrsa as 80 marc. Eisíodh na teidil don obair chúrsa do scrúdú na hArdteistiméireachta 2016 leis an gciorclán S92/14

Tá na nithe seo a leanas faoi iamh maidir leis na socruithe measúnachta:

- Leabhrán Obair Chúrsa don Oideachas Reiligiúnach Ardteistiméireachta, d'iarrthóirí atá ag déanamh an scrúdaithe san Oideachas Reiligiúnach i 2016 amháin.

Ba chóir d'iarrthóirí cloí leis na treoirlínte atá leagtha amach ar leathanach 2 den Leabhrán agus iad ag comhlánú a Leahrán Obair Chúrsa.

Úsáid na Leabhrán Obair Chúrsa *pro-forma*

Tá Leabhrán Obair Chúrsa le comhlánú ag gach iarrthóir in imeacht na scoilbhliana reatha mar a shonraítear i gCiorclán S92/14.Déanaige cinnte de,le bhur dtoil,go mbeidh bhur ndóthain cóipeanna den leabhrán ag an scoil.Mura bhfuil, gabhaigí i dteagmháil le CSS láithreach.**Ní chuirfear amach a thuilleadh leabhrán tar éis 31 Nollaig 2015.** Más mian le hiarrthóirí dul i dtaithí ar scríobh sna leabhráin *pro-forma* sula gcuireann siad a gcuid oibre isteach don scrúdú, iarrtar orthu é sin a dhéanamh ar leaganacha fótachóipeáilte de na leabhráin *pro-forma*.
Tá leabhrán samplach ar fail ar an suíomh gréasáin againn agus is féidir é a chóipeáil anus,**mar mhaithe le cleachtadh amháin.** Déan deimhin de nach mbainfear úsáid as le hobair a chur isteach chuig CSS nó measfar an obair a bheith neamhbhailí.Is féidir an leabhrán samplach a chóipeáil anus ó rannóg na Oideachas Reiligiúnach ar an suíomh gréasáin www.examinations.ie Eolas faoi Scrúduithe/Obair Chúrsa Phraiticiúil

Ní sheolfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit amach cóipeanna dúblacha ar mhaithe le hiarrachtaí cleachtaidh ar na leabhráin *pro-forma* a líonadh isteach.

Ní mór an obair chúrsa a chur isteach i bhfoirm chaighdéanach sa leabhrán a chuireann an Coimisiún ar fáil chuige sin. Níor chóir do gach iarrthóir ach **AON** leabhrán amháin a chur isteach.

An Tábhacht a bhaineann lena Dheimhniú gurb í obair an iarrthóra féin atá sa Leabhrán Obair Chúrsa

Is é an t-iarrthóir féin a chaitheann an **Leabhrán Obair Chúrsa** a líonadh isteach. Ní ghlacfar le haghaidh measúnachta ach Leabhráin Obair Chúrsa chomhlánaithe a bhfuil deimhniú ag gabháil leo ó údaráis scoileanna, ar fhoirmeacha a chuirfidh an Coimisiún ar fáil, gurb í obair na n-iarrthóirí féin atá iontu. Is cóir do mhúinteoirí monatóireacht a dhéanamh ar obair na n-iarrthóirí ar bhonn rialta. Is cóir aird gach iarrthóra agus a gcuid múinteoirí a dhíriú ar chiorclán S68/08 agus S69/04. **Obair indibhidiúil an iarrthóra féin áfach is cóir a bheith i scríobh an leabhair freagraí pro-forma.** Tugadh treoracha cheana féin maidir leis an gceist áirithe seo ag oiliúint inseirbhíse agus ag cruinnithe.

Déanfar fiosrúchán iomlán i gcás ar bith ina bhfuil amhras maidir le cóipeáil, cúnamh míchuí ó pháirtí eile, bradaíl, nó soláthar píosaí atá ullmhaithe ag páirtí eile. Is cóir a chur in iúl d'iarrthóirí cad iad na pionóis is féidir a chur i bhfeidhm faoi na *Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna*. De réir na bpionós seo, is féidir go gcaillfeadh iarrthóirí an t-ábhar, go gcaillfidís an scrúdú iomlán i ngach ábhar, nó go ndícheadófaí iad sna Scrúduithe Teistiméireachta sna blianta amach anseo.

Tá cead ag iarrthóirí ábhar a chur i láthair a eascraíonn ó obair ghrúpa. Ní mór, áfach, **obair indibhidiúil an iarrthóra** a chur in iúl go soiléir sa Leabhrán. Tá an fhreagracht ar **gach** iarrthóir sa ghrúpa a dheimhniú go gcuirtear a c(h)uid oibre i láthair go soiléir.

Ní mór na **Leabhráin Obair Chúrsa** a chomhlánú faoi **29 Aibreán 2016.** Lá an chomhlánaithe, is cóir treoir a thabhairt do gach iarrthóir an **Leabhrán Obair Chúrsa** a chur isteach i gclúdach iarrthóra, a chuirfidh an Coimisiún ar fáil. Ní mór don iarrthóir a (h)uimhir iarrthóra a chur ar chumhdach an chlúdaigh seo. Nuair a bheidh an clúdach faoi shéala is cóir don iarrthóir é a thabhairt ar láimh do na húdaráis scoile. Iarrtar ar scoileanna na clúdaigh **Leabhrán Obair Chúrsa** ar fad a choinneáil in áit shábháilte go dtí lá an scrúdaithe scríofa.

Is cóir d'iarrthóirí a n-uimhreacha Scrúdaithe a chur isteach sna boscaí cuí. Seolfar soláthar clúdach atá deartha d'aon ghnó chuige seo go dtí na scoileanna le himeacht ama.

Ag freagairt trí Ghaeilge

Mar is amhlaidh i ngach scrúdú eile ina bhfuil comhpháirteanna seachas an scrúdú scríofa foirmeálta, ní bhronnfar marcanna bónais ar obair chúrsa ar bith a chuirfear i gcrích trí Ghaeilge.

Iarrtar ort an ciorclán seo a chur ar a n-aird do na múinteoirí agus na mic léinn a mbaineann sé leo. Má tá aon cheist agat déan teagmháil le do thoil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag 090 644**2746/2750.**

Phil Mulvihill,
Oifigeach Foirne,
Deireadh Fomhair 2015